# Aoibhinn duit, a dhuine dhoill!

[Tomás Ó Rathile: *Dánta Grádha,* no. 28]

1 Aoibhinn duit, a dhuine dhoill!
saoth liom gan t'aineamh orainn;
do b'fhearr tocht fám radharc ruinn;
socht óm amharc ní fhaghaim.

2 Dá n-iarrainn, níor bh'fheirrde dhamh, -
bheith slán dá héis ní iarrabh;
mairg dár cinneadh, a Dhé dhil,
silleadh an té rom-theimhligh.

3 Tárfás damh, ní dheachaidh leam,
inghean ro b'iongnadh inneall;
troigh sheangfhaobhrach do mhear mé,
gearrshaoghlach fear a feithmhe!

4 Ní i ndóigh nách muirfeadh mé, -
truagh nách tig aoinfheacht oile
[ní do tharbha dhí ná dhamh]
ón adhbha i mbí do bhunadh.

5 Ruisg nách mairbhe meise féin,
glór meirbh nách mairbhe iaidséin,
na hiolfhaobhair ler mharbh mé,
arm ionaonaigh, dom aithne.

6 Aithreach damh [ní doiligh linn!]
meisde mh'óidh agus mh'inntinn,
ar dtonn bháite, ar n-adhart olc,
an radharc cráite ad-chonnarc.

7 Mairg don mharbhthóir do mharbh mé,
leis nách truagh mar tú tríthe
im throich bhí a haithle mh'anma;
ro sní mh'aithne is mh'urlabhra.